Trí Scéal Spóirt

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thrí scéal spóirt. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Cén Ghaeilge a chuirfeadh sibh ar na teidil seo?

WADA (World Anti-Doping Agency)

_____

GPA (Gaelic Players Association)

_____



Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo?

Scéal 1

agreement, accord	_____
analytics company	_____
sportsperson, athlete	_____
coach	_____
database	_____

Scéal 2

doping affairs	_____
any big sporting event	_____
Olympic Games	_____
adhering to	_____
bone of contention	_____

Scéal 3

Chief Executive	_____
towards professionalism	_____
misunderstanding	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus scríobh achoimre ghearr ar na trí scéal. Cuir a scríobh tú i gcomparáid leis an duine in aice leat.

Scéal 1

Scéal 2

Scéal 3

Ceist 4 Na hiolraí

A. Bhí na leaganacha iolra de na focail thíos le cloisteáil sa mhír. Cad iad?

lúthchleasaí
cóitseálaí
dornálaí
snámhóir
Rúiseach
imreoir

B. 'lúthchleasaithe maithe' ach 'Rúisigh m**h**aithe'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht 'maithe' tar éis 'Rúisigh' thuas?

Ceist 5 *'…a bhaint amach…'*

Tá a lán briathra frásacha (*phrasal verbs*) i nGaeilge. Cad é an réamhfhocal simplí a théann leis na briathra seo thíos? Cuir in abairtí iad chun a mbrí a léiriú.

bain
beir
cuidigh
cuir as
cuir
cuir suas
éirigh
éist
iarr
tabhair
teip

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cé hiad na pearsana spóirt is fearr atá againn sa tír seo, dar leat?
2. Ar cheart go rachadh na cluichí Gaelacha i dtreo na gairmiúlachta? Cén fáth?
3. An bhféachann tú ar na Cluichí Oilimpeacha? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

WADA (the World Anti-Doping Agency)
an Ghníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil

GPA (Gaelic Players Association)
Cumann Imreoirí Gael

Ceist 2

Scéal 1

agreement, accord	*comhaontú*
analytics company	*comhlacht anailísíochta*
sportsperson, athlete	*lúthchleasaí*
coach	*cóitseálaí*
database	*bunachar sonraí*

Scéal 2

doping affairs	*cúrsaí dópála*
any big sporting event	*aon mhór-imeacht spóirt*
Olympic Games	*Cluichí Oilimpeacha*
adhering to	*ag cloí le*
bone of contention	*cnámh spairne*

Scéal 3

Chief Executive	*Príomhfheidhmeannach*
towards professionalism	*i dtreo na gairmiúlachta*
misunderstanding	*míthuiscint*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

A.
lúthchleasaithe
cóitseálaithe
dornálaithe
snámhóirí
Rúisigh
imreoirí

B.
Séimhítear aidiachtaí tar éis ainmfhocail a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir iolra.

Ceist 5

bain le:	*touch, interfere with*
beir ar:	*catch*
cuidigh le:	*help*
cuir as do:	*annoy*
cuir faoi:	*live*
cuir suas le:	*put up with*
éirigh as:	*retire, quit, give up*
éirigh le:	*succeed*
éist le:	*listen to*
iarr ar:	*ask*
tabhair faoi:	*attempt, undertake*
teip ar:	*fail*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Séamus Ó Scanláin

Scéal 1
Tá an institiúid *Sport Ireland* tar éis comhaontú a shíniú leis an gcomhlacht anailísíochta agus teicneolaíochta SAS, ar mhaithe le bealaí nua a fhorbairt le go mbainfidh lúthchleasaithe agus cóitseálaithe anseo in Éirinn barr feabhais amach ina gcuid traenála agus in imeachtaí comórtais. Cuirfear bunachar sonraí i dtoll a chéile, trí anailís ghéar a dhéanamh ar dhornálaithe agus ar shnámhóirí, agus roinnfear an t-eolas sin ar lúthchleasaithe i ndisciplíní eile. Mairfidh an socrú nua seo go Márta 2021.

Scéal 2
Tá cúrsaí dópála agus an Rúis ar ais arís sa nuacht ó aréir. Ó tá sé molta ag Coiste ón nGníomhaireacht Dhomhanda um Fhrithdhópáil, nó WADA, nach gceadófaí don tír sin aon mhór-imeacht spóirt a reáchtáil as seo go ceann ceithre bliana. D'fhéadfadh sé, dá réir, nach mbeadh aon chluiche i gcomórtas sacair Euro 2020 á imirt sa Rúis anois. Agus, nach mbeadh an tír sin páirteach sna Cluichí Oilimpeacha i dTóiceo ach oiread. D'fhógair WADA nach bhfuil Gníomhaireacht na Rúise um Fhrithdhópáil, RUSADA, ag cloí lena cuid dualgas i dtaca le fíricí iomlána a chur ar fáil. Tá an cheist seo ina cnámh spairne idir na Rúisigh agus WADA le tamall, rud a d'fhág na Rúisigh amach as Cluichí Oilimpeacha an Gheimhridh in 2018.

Scéal 3
Dúirt Príomhfheidhmeannach Chumann Imreoirí Gael nó an GPA, Paul Flynn, nach bhfuil aon ghlac aige le ráitis ó chearnaí[1] áirithe go bhfuil an eagraíocht ag iarraidh na cluichí Gaelacha a chur i dtreo na gairmiúlachta. Dúirt iar-imreoir peile Bhaile Átha Cliath go bhfuil míthuiscint ann maidir lena dteastaíonn ón gCumann a bhaint amach. Thar aon rud eile a dúirt an fear, a bhfuil sé bhonn uile-Éireann buaite aige lena Chontae dúchais, níor cheart go mbeadh imreoirí as póca toisc iad ag imirt dá gcontae agus is chuige sin atá an GPA ann, a dúirt sé.

[1] *ceardanna* a dúradh